2023/2529

20.11.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2529 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Samhain 2023

lena sonraítear míreanna teicniúla an tacair sonraí, lena mbunaítear na formáidí teicniúla maidir le tarchur faisnéise, agus lena sonraítear na socruithe mionsonraithe agus ábhar na dtuarascálacha cáilíochta maidir le heagrú suirbhé shamplaigh san fhearann sláinte de bhun Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1), Airteagal 8(3) agus Airteagal 13(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Suirbhé ar an bpobal i gcoitinne is ea an Suirbhé Eorpach um Agallaimh Shláinte (EHIS) san fhearann sláinte lena soláthraítear faisnéis staitistiúil maidir le stádas sláinte, tosca sláinte agus gníomhaíochtaí cúraim sláinte san Aontas. Is príomhfhoinse tagartha de chuid an Aontais é le haghaidh beartais fianaise-bhunaithe, a bhaineann le sláinte lena n-áirítear iad sin maidir le cuimsiú agus cosaint shóisialta, slite maireachtála sláintiúla, aosú sláintiúil agus folláine, neamhionannais sláinte, rochtain ar chúram sláinte agus cáilíocht seirbhísí cúraim sláinte.

(2) Chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go cruinn EHIS, ba cheart don Choimisiún míreanna teicniúla an tacair sonraí a shonrú, mar aon leis na formáidí teicniúla maidir le tarchur faisnéise ó na Ballstáit chuig an gCoimisiún agus na socruithe mionsonraithe maidir le hábhar agus tarchur na dtuarascálacha cáilíochta.

(3) Is é is aidhm do Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa ([2]) dul i ngleic leis an gconaire galar ar fad. Tá struchtúr curtha air timpeall ar cheithre phríomhréimse gníomhaíochta inar féidir leis an Aontas an luach is mó a chur leo, is iad sin cosc, brath luath, diagnóis agus cóireáil agus cáilíocht saoil othar agus marthanóirí ailse.Tá an straitéis ón bhfeirm go dtí an forc ([3]) i gcroílár Chomhaontú Glas don Eoraip an Choimisiúin ([4]), ar straitéis í lena gcuirtear tomhaltas bia inbhuanaithe chun cinn agus lena n-éascaítear an t-aistriú i dtreo aistí bia sláintiúla inbhuanaithe.

(4) Moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach ardcháilíochta inacmhainne ([5]), a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an straitéis Eorpach um chúram ([6]), ina leagtar amach creat beartais chun forbairt cúraim fhadtéarmaigh inbhuanaithe a threorú lena n-áirítear rochtain níos fearr agus níos inacmhainne ar sheirbhísí cáilíochta do gach duine, chomh maith le coinníollacha oibre níos fearr san earnáil.

([1]) IO L 261 I, 14.10.2019, lch. 1.
([2]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle agus Plean Sáraithe Ailse na hEorpa (COM(2021) 44 final an 3 Feabhra 2021).
([3]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system* ('Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol') (COM(2020) 381 final an 20 Bealtaine 2020).
([4]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal, *The European Green Deal* ('An Comhaontú Glas don Eoraip') (COM(2019) 640 final, an 11 Nollaig 2019).
([5]) Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán (IO C 476, 15.12.2022, lch. 1).
([6]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, maidir leis an straitéis Eorpach um chúram (COM(2022) 440 final, an 7 Meán Fómhair 2022).

(5) Príomhghné de gheilleagar don Aontas a oibríonn do na daoine is ea cosaint oibrithe sláinte agus sábháilteachta, atá cumhdaithe sna Conarthaí agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha.

(6) Chun gur féidir staidreamh náisiúnta maidir le sláinte a chur i gcomparáid le chéile ar bhonn idirnáisiúnta, ní mór aicmithe staidrimh maidir le haonaid chríche, oideachas, gairmeacha agus earnálacha eacnamaíocha a úsáid atá comhoiriúnach le haicmithe NUTS ([7]), ISCED ([8]), ISCO ([9]) agus NACE ([10]).

(7) I gcomhréir le Moladh ón gComhairle maidir le gníomhaíocht choirp ar mhaithe le feabhsú sláinte (HEPA) a chur chun cinn ar fud earnálacha ([11]) spreagtar Ballstáit chun cuir chuige beartais agus pleananna gníomhaíochta trasearnála a ghlacadh chun gníomhaíocht choirp a chur chun cinn, agus bunaítear leis creat chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn táscairí HEPA i réimsí téamacha ábhartha.

(8) Iarrtar ar na Ballstáit i Moladh (AE) 2023/397 ón gCoimisiún maidir le meiteashonraí tagartha agus tuarascálacha cáilíochta ([12]) a áirithiú go n-úsáideann a n-údaráis staidreamh náisiúnta, i gcás ina bhfuil meiteashonraí tagartha agus tuarascálacha cáilíochta á gcur i dtoll a chéile acu, na coincheapa staidrimh a liostaítear sa leagan is déanaí den Struchtúr Meiteashonraí Comhtháite Aonair.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo sonraítear míreanna teicniúla an tacair sonraí, bunaítear na formáidí teicniúla maidir le faisnéis a tharchur ó na Ballstáit chuig an gCoimisiún (Eurostat) agus sonraítear na socruithe mionsonraithe maidir le hábhar agus tarchur na dtuarascálacha cáilíochta sa Suirbhé Eorpach um Agallaimh Shláinte (EHIS).

Bainfidh EHIS le stádas sláinte, cúram sláinte agus tosca sláinte chomh maith le saintréithe sochdhéimeagrafacha an daonra tagartha dá dtagraítear in Airteagal 4.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'tréimhse thagartha' an tréimhse lena mbaineann mír áirithe faisnéise;

(2) tagraíonn 'atá ann faoi láthair' don staid tráth an agallaimh;

(3) ciallaíonn 'freagra ó ionadaí', ag tagairt d'agallamh, cás inarb é tríú páirtí a sholáthair faisnéis arna iarradh ar an bhfreagróir roghnaithe (lena n-áirítear ball eile den teaghlach nó duine nach ball den teaghlach é a thugann aire don fhreagróir roghnaithe) gan an fhaisnéis sin a bheith bailíochtaithe ag an bhfreagróir roghnaithe. Tá an tríú páirtí sin gar leis an bhfreagróir agus tá aithne mhaith aige ar an bhfreagróir;

(4) ciallaíonn 'meiteashonraí' sonraí lena sainmhínítear agus lena dtugtar tuairisc ar shonraí eile, an mhodheolaíocht a úsáideadh agus na próisis staidrimh ghnó.

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le bunú aicmiú coiteann na n-aonad críche i ndáil le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1).

([8]) Aicmiú Caighdeánach Idirnáisiúnta an Oideachais 2011.

([9]) Aicmiú Caighdeánach Idirnáisiúnta Gairmeacha, leagan 2008.

([10]) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear an t-aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha d'Athbhreithniú 2 NACE agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1).

([11]) Moladh ón gComhairle an 26 Samhain 2013 maidir le gníomhaíocht choirp ar mhaithe le feabhsú sláinte a chur chun cinn ar fud earnálacha (IO C 354, 4.12.2013, lch. 1).

([12]) IO L 53, 21.2.2023, lch. 104.

Airteagal 3

Coincheapa staidrimh agus tuairisc ar athróga

1. Úsáidfidh na Ballstáit na coincheapa staidrimh a leagtar síos in Iarscríbhinn I.

2. Is éard a bheidh i saintréithe teicniúla na n-athróg na saintréithe a leagtar síos in Iarscríbhinn II agus déanfar tagairt leo do na nithe seo a leanas:

(a) aitheantóir na hathróige,

(b) ainm na hathróige,

(c) an tréimhse thagartha,

(d) cód agus lipéad na módúlachta,

(e) scagaire.

Airteagal 4

Saintréithe na ndaonraí staidrimh agus na n-aonad breathnóireachta

1. Daoine in aois 15 agus os a chionn agus a bhfuil gnáthchónaí orthu i dteaghlaigh phríobháideacha i gcríoch an Bhallstáit lena mbaineann tráth an bhailithe sonraí a bheidh sa daonra tagartha.

2. Eiseofar na críocha náisiúnta a liostaítear in Iarscríbhinn III ón sampla. Is féidir codanna beaga den chríoch náisiúnta a chur as an áireamh ón sampla freisin, ar codanna nach mó ná 2 % den daonra náisiúnta iad. Soláthrófar faisnéis maidir leis na críocha náisiúnta sin sna meiteashonraí tagartha.

Airteagal 5

Tréimhsí tagartha

Na tréimhsí tagartha maidir le hathróga, is é a bheidh iontu na tréimhsí a shonraítear in Iarscríbhinn II.

Airteagal 6

Saintréithe mionsonraithe na samplaí

1. Déanfar trí iarracht ar a laghad teagmháil a dhéanamh le freagróir sula mbainfear den suirbhé é, seachas sna cásanna seo a leanas:

(a) níorbh fhéidir an seoladh a aimsiú;

(b) seoladh neamhchónaithe nó neamháitithe a bhí sa seoladh;

(c) níor aimsíodh an duine ag an seoladh;

(d) ní raibh an duine in ann freagairt, lena n-áirítear ar chúiseanna éagumais;

(e) dhiúltaigh an duine go cinnte comhoibriú;

(f) chuir na himthosca sábháilteacht an agallóra i mbaol.

2. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, agus a mhéid is gá amháin, ceadófar ionadú rialaithe. Ceadófar ionadú rialaithe ar aonaid shamplacha (teaghlaigh nó daoine samplacha) más ann do cheann amháin de na cásanna a liostaítear i mír 1, nó más amhlaidh nár sroicheadh an t-aonad samplach tar éis iarracht dul i dteagmháil leo trí huaire.

3. Leanfar nósanna imeachta lena áirithiú go rialófar an próiseas ionadúcháin a mhéid is féidir. Áireofar ar nósanna imeachta den sórt sin úsáid a bhaint as dearadh lena n-áirithítear go bhfuil na hionadaigh a roghnaítear ag teacht go dlúth leis na daoine a mbeidh siad ag dul ina n-ionad.

4. Tacar na ndaoine samplacha a úsáidfear mar ionadaithe, sonrófar é sula mbaileofar sonraí. Ní úsáidfear aon duine mar ionadaí murar cheart é a bheith sé sa tacar sin.

Airteagal 7

Tréimhsí bailithe sonraí agus modhanna bailithe sonraí

1. Scaipfear an bailiú sonraí ar feadh 3 mhí ar a laghad lena n-áirítear ar a laghad 1 mhí amháin le linn na tréimhse ó mhí Mheán Fómhair go mí na Nollag.

2. Ní cheadófar freagraí ó ionadaí ach amháin i gcásanna nach bhfuil an freagróir in ann freagairt ar cheann de na cúiseanna a leanas:

(a) tá lagú cognaíoch fadtéarmach ag dul dó/di;

(b) tá díbliú dian fadtéarmach ag dul dó/di;

(c) tá lagú céadfach fadtéarmach ag dul dó/di a choisceann an idirghníomhaíocht idir an t-agallóir agus an t-agallaí;

(d) tá sé/sí san ospidéal, i saoráid cúraim sláinte nó shóisialta ar feadh thréimhse iomlán na hoibre allamuigh.

3. Maidir leis na hathróga a liostaítear in Iarscríbhinn IV, ní úsáidfidh Eurostat ach amháin faisnéis a bhailítear go díreach ón bhfreagróir chun na táscairí lena mbaineann a ríomh. Tarchuirfidh na Ballstáit chuig Eurostat amháin an fhaisnéis sin a bhailítear go díreach ó fhreagróir nó faisnéis a bhailítear go díreach ó fhreagróir in éineacht leis an bhfaisnéis a bailíodh go hindíreach.

Airteagal 8

Caighdeáin choiteanna maidir le heagarthóireacht, iontráil bharúlach, ualú agus meastachán sonraí

1. Cuirfear iontráil bharúlach, calabrú nó ualú i bhfeidhm ar na sonraí i gcás inar gá.

2. Ní dhéanfar iontráil bharúlach ach chun coigeartú a dhéanamh d'ítim neamhfhreagartha.

3. Cuirfear i bhfeidhm modhanna um iontráil bharúlach staidrimh i gcás ina sáraíonn neamhfhreagairt 5 % a mhéid a bhaineann leis na príomhathróga a leagtar amach in Iarscríbhinn V a bhfuil faisnéis a bhaineann leo in easnamh, neamhbhailí nó míréireach.

4. Is é an daonra tagartha le haghaidh ualaithe an daonra, an fíordhaonra nó an daonra measta, a bhfuil gnáthchónaí orthu i dteaghlaigh phríobháideacha.

5. Ríomhfar tosca ualúcháin chun dóchúlacht roghnúcháin an aonaid, neamhfhreagairt, agus, de réir mar is iomchuí, coigeartú an tsampla i leith sonraí seachtracha a bhaineann le dáileadh daoine sa spriocphobal a chur san áireamh.

6. Déanfar coigeartú an tsampla i leith sonraí seachtracha i ndáil le dáileadh daoine sa spriocphobal de réir inscne agus aoisghrúpaí.

Airteagal 9

Formáidí chun faisnéis a tharchur

Tarchuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún (Eurostat) tacar sonraí ina bhfuil meiteashonraí réamhsheiceáilte a chomhlíonann saintréithe na n-athróg a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, lena n-áirítear ualaí iomchuí, agus bainfear úsáid as na caighdeáin maidir le sonraí staidrimh agus meiteashonraí a mhalartú a shocraigh an Coimisiún (Eurostat) agus as an bpointe iontrála aonair.

Airteagal 10

Tuairisciú cáilíochta

1. Comhlíonfaidh tuarascálacha cáilíochta a dhéanann Ballstáit na socruithe mionsonraithe agus na ceanglais ábhair a leagtar amach in Iarscríbhinn VI.

2. Tarchuirfidh na Ballstáit meiteashonraí tagartha a bhaineann le cáilíocht a cheanglaítear leis an Rialachán seo chuig an gCoimisiún (Eurostat) trí úsáid a bhaint as na caighdeáin maidir le sonraí staidrimh agus meiteashonraí a mhalartú. Seolfaidh siad na meiteashonraí tríd an bpointe iontrála aonair.

Airteagal 11

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Samhain 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

SAINMHÍNITHE AR CHOINCHEAPA STAIDRIMH

(1) **Fadhbanna sláinte seanbhunaithe**

D'fhéadfadh fadhbanna sláinte a bheith de chineál fisiceach, mothúchánach, iompraíochta nó meabhrach. Cumhdaítear leis an téarma galar agus neamhoird ach freisin, mar shampla, pian, drochshláinte de bharr timpistí agus gortuithe agus fadhbanna ó bhroinn.

Is é an príomh-shaintréith atá le fadhb shláinte sheanbhunaithe is ea go bhfuil sí buan agus go bhféadfaí bheith ag súil leis go mbeidh tréimhse fada maoirseachta, breithnithe nó cúraim ag teastáil. Is ceart go mbeadh fadhbanna sláinte seanbhunaithe ar siúl ar feadh (nó atarlaithe) nó go bhfuil coinne go mairfidh siad (go n-atarlóidh siad) ar feadh 6 mhí nó níos mó; ní áirítear fadhbanna sealadacha. Meastar gur fadhbanna sláinte seanbhunaithe iad fadhbanna atá séasúrach nó treallach, fiú i gcás ina 'bpléascann' siad ar feadh 4 go 6 mhí san am.

(2) **Teorainn i ngníomhaíochtaí**

Sainmhínítear 'gníomhaíocht' amhail 'tasc nó gníomhaíocht á feidhmiú ag duine aonair' agus sainmhínítear teorainneacha gníomhaíochta mar 'deacrachtaí a bhíonn ag an duine aonair agus an ghníomhaíocht á feidhmiú'.

(3) **Timpiste baile nó fóillíochta**

Imeacht neamhbheartaithe is ea 'timpiste baile nó fóillíochta' a bhfuil fórsa tapa nó tionchar a mbíonn díobháil fhisiceach mar thoradh air, a tharlaíonn sa bhaile, timpeall an tí (garáiste, gairdín, caolsráid) nó le linn am fóillíochta caite ar ghníomhaíochtaí a dhéanamh ar mhaithe le pléisiúr nó spéis phearsanta.

Áirítear ar thimpistí baile nó fóillíochta freisin:

— cásanna géarnimhithe;

— gortuithe de bharr ainmhithe nó feithidí.

Ní áirítear ar thimpistí baile nó fóillíochta:

— do dhaoine fostaithe, timpistí a tharla fad is a bhíothas ag obair ón mbaile (teilea-obair), is é sin nuair a bhí an ghníomhaíocht á déanamh i gcás inar féidir cuspóir oibre a bhunú agus atá gaolmhar leis na coinníollacha fostaíochta;

— timpistí ag an obair nó ar scoil;

— tionóiscí tráchta;

— galair nó tinnis;

— gortuithe d'aon turas (de bharr foréigean idirphearsanta – gníomhartha toiliúla a rinne daoine eile – agus féindíobháil d'aon turas);

— gortuithe fánacha amhail mionghearrthacha nó scríobthaí.

(4) **Pian coirp**

Eispéireas céadfach agus mothúchánach gránna is ea pian coirp (fisiceach) atá bainteach le damáiste fíocháin iarbhír nó féideartha nó dá dtugtar tuairisc air i dtéarmaí damáiste den sórt sin; bíonn sí gránna i gcónaí agus dá bhrí sin is eispéireas mothúchánach í.

(5) **Cúram sláinte**

Sainmhínítear cúram sláinte mar earraí agus seirbhísí aonair cúraim sláinte a sholáthraítear go díreach do dhaoine aonair agus ar daoine aonair a úsáideann iad. Cumhdaítear leis an téarma cúram leighis, cúram athshlánaithe, cúram sláinte fadtéarmach, seirbhísí coimhdeacha agus earraí leighis a sholáthraítear d'othair sheachtracha. Cumhdaítear leis freisin modhanna éagsúla cúraim sláinte (othar cónaithe, othar seachtrach, othar lae, sa bhaile).

(6) **Meabhairshláinte**

Tagraíonn cúram meabhairshláinte do sheirbhísí cúraim sláinte arna soláthar chun neamhoird mheabhracha agus iompair a chóireáil. Is féidir le foireann liachta (síciatraithe) nó foireann neamh-liachta (síceolaithe) cúram a sholáthar.

(7) **Othar cónaithe**

Is éard is othair chónaithe ann othair a thógtar isteach go foirmiúil i saoráid cúraim sláinte (is é sin le rá gur cuireadh san ospidéal iad) le haghaidh cóireála agus/nó cúraim agus beidh gá acu le fanacht thar oíche amháin ar a laghad in ospidéal nó in institiúid eile a sholáthraíonn cúram othar cónaithe.

Ciallaíonn tógtha isteach go foirmiúil go dtugtar seomra nó leaba don othar le linn a bhfanachta sa tsaoráid cúraim sláinte.

(8) **Othar lae**

Ciallaíonn othair lae othair a fhaigheann seirbhísí pleanáilte leighis agus paraimhíochaine a sheachadtar i saoráid cúraim sláinte d'othair agus a thógtar isteach go foirmiúil chun diagnóis, cóireáil nó cineálacha eile cúraim sláinte a dhéanamh air agus a scaoiltear an lá céanna. Ní chumhdaítear leis an téarma iad sin a úsáideann seirbhísí othar seachtrach (nach dtógtar isteach go foirmiúil chuig saoráid cúraim sláinte), seirbhísí éigeandála nó seirbhísí a sholáthraíonn ionaid dhiagnóiseacha nó saoráidí den chineál céanna nach bhfuil ina gcuid d'ospidéil nó clinicí príobháideacha nó poiblí.

Ciallaíonn tógtha isteach go foirmiúil go dtugtar seomra nó leaba don othar le linn a bhfanachta sa tsaoráid cúraim sláinte.

(9) **Gairmí sláinte**

Duine is ea gairmí sláinte a sholáthraíonn cúram sláinte agus atá cáilithe chun sin a dhéanamh trí oideachas, oiliúint, deimhniúchán, nó deonú ceadúnais. Baineann gairmí sláinte le réimse nó disciplín speisialtóra, agus baineann sé le ceann de na grúpaí a leanas:

(a) foireann leighis agus fiaclóireachta (cleachtóirí ginearálta agus speisialtóra);

(b) altraí agus cnáimhseacha;

(c) gairmithe bainteach le leigheas, e.g. síceolaithe cliniciúla, diatéitigh, fisiteiripeoirí;

(d) foireann timpiste agus éigeandála nó paraimhíochaineoirí;

(e) gairmithe eile a bhfuil teagmháil dhíreach acu leis an othar, amhail cógaiseoirí, grianghrafadóirí leighis, foireann na dtaifead leighis.

(10) **Fiaclóir**

Gairmí sláinte is ea fiaclóir a dhéanann diagnóis agus cóireáil ar ghalair, ghortuithe agus anchumaí fiacla, drandail agus struchtúir bhainteacha bhéil. Cuireann siad gnáthfheidhm béil ar ais agus raon leathan de chóireálacha, amhail máinliacht agus teicnící speisialaithe eile á n-úsáid acu, agus tugann siad comhairle maidir le sláinte béil. Áirítear ar chúraimí fiaclóirí: diagnóisiú, comhairle a thabhairt ar chóireáil fiacla is gá agus an chóireáil a thabhairt, cóireáil mháinliachta, leighis agus eile a riaradh le haghaidh cineálacha áirithe galar agus neamhord fiacla agus béil.

(11) **Ortódóntóir**

Speisialtóir fiaclóireachta is ea ortódóntóir a dhéanann mírialtachtaí sna fiacla agus sa ghiall a dhiagnóisiú, a chosc agus a cheartú (mar shampla, fiacla mí-ailínithe a cheartú trí theanntáin).

(12) **Dochtúir ginearálta/dochtúir teaghlaigh**

Lia (dochtúir leighis) is ea dochtúir ginearálta/dochtúir teaghlaigh nach dteorannaíonn a gcleachtas do chatagóirí galair sonracha (níl sé/sí speisialaithe), a chuireann réimse cúraim leighis leanúnach ar fáil do dhaoine aonair, teaghlaigh agus pobail nó ar féidir leo othair a atreorú chuig gairmithe leighis eile.

(13) **Speisialtóir míochaine nó máinliachta**

Tagraíonn speisialtóirí míochaine nó máinliachta do dhochtúirí leighis speisialaithe i ndiagnóis nó úsáid teicnící máinliachta, nó an dá rud, chun cóireáil a chur ar neamhoird nó ar ghalair. Áirítear i measc a gcúraimí scrúduithe leighis a dhéanamh agus diagnóisiú; cógais a oideasú agus cóireáil a thabhairt as tinnis, neamhoird nó gortuithe diagnóisithe; cóireáil speisialaithe leighis nó máinliachta a thabhairt do chineálacha áirithe tinneas, neamhord nó gortuithe; agus comhairle a thabhairt ar mhodhanna agus cóireálacha leighis coisctheacha agus iad a chur i bhfeidhm. Áirítear freisin gínéiceolaithe ginearálta, síciatraithe nó speisialtóirí leighis eile a chomhlíonann an sainmhíniú seo. Áirítear máinlianna fiaclóireachta freisin, ach ní áirítear fiaclóirí ginearálta.

(14) **Fisiteiripeoirí/cinéisiteiripeoirí**

Soláthraí cúraim sláinte leighis nó neamhleighis is ea fisiteiripeoir/cinéisiteiripeoir a chuireann i bhfeidhm ceann amháin nó níos mó de na teiripí a leanas chun feidhmeanna luaileacha othair a fheabhsú nó a athchóiriú: teiripe gluaiseachta, teiripe suathaireachta, teiripe fisiceach sa chiall dian (spreagthaí fisiciúla, leictriteiripe, teiripe ultrafhuaime, teiripe theirmeach, hidriteiripe, folctheiripe agus leictrei-diagnóisic, ach gan radaíocht ianúcháin a úsáid). Cuireann siad cóireáil ar neamhoird sna cnámha, matáin agus páirteanna den chóras imshruthaithe nó néaróg trí mhodhanna ionramhála, agus ultrafhuaim, téamh, léasar nó teicnící cosúla, nó cuireann siad teiripí i bhfeidhm mar chuid den chóireáil do dhaoine atá faoi mhíchumas (sealadach) fisiceach, faoi thinneas meabhrach nó míchothromaithe.

Soláthraíonn na gairmithe sláinte sin na teiripí sin i réimse socrúchán, amhail ospidéil, cleachtais phríobháideacha, aonaid d'othair sheachtracha, bunaíocht seirbhísí cúraim baile, scoileanna, ionaid aclaíochta, etc.

(15) **Síceolaí, síciteiripeoir nó síciatraí**

Is gairmithe sláinte iad síceolaithe, sícteiripeoirí nó síciatraithe a sholáthraíonn cúram meabhairshláinte, a d'fhéadfadh sé go mbeidís ina ngairmithe leighis (síciatraithe) nó nach mbeidís. Cumhdaítear lena ról measúnú síceolaíoch agus síciteiripe ach cúram síciatrach leighis freisin (síciatraithe).

(16) **Seirbhísí cúraim baile**

Baineann seirbhísí cúraim baile le soláthar seirbhísí tacaíochta baile leighis agus neamhleighis do dhaoine, mar gheall ar laige mheabhrach nó fisiceach, galar nó míchumas, nach féidir leo gníomhaíochtaí cúraim phearsanta nó teaghlaigh sonracha a fheidhmiú nó atá coinnithe ina dtithe féin. Áirítear leis seirbhísí sa bhaile arna soláthar ag altra nó oibrí cúraim ar cuairt ó institiúid, gníomhaireacht nó cumann sláinte, nó ag eagraíocht phobail ag úsáid foireann ghairmiúil nó neamhghairmiúil (deonach) le haghaidh soláthar cúraim.

(17) **Cógais ar oideas**

Táirge is ea cógas a úsáidtear chun siomptóim a mhaolú, tinneas a chosc, nó drochshláinte a fheabhsú. Cógais iad cógais ar oideas a scríobhtar ar oideas dochtúra (gan beann ar an aisíoctar trí árachas sláinte iad nó nach n-aisíoctar). Áirítear leo sin: cógais, cógais luibhe, cógais hoiméapatacha agus forlíontaí cothaithe (amhail vitimíní, mianraí nó athbhrígh), piollairí frithghiniúnacha a úsáidtear chun críocha eile seachas frithghiniúint, hormóin (seachas le haghaidh frithghiniúna). Ní áirítear piollairí frithghiniúnacha agus hormóin ar oideas agus a n-úsáidtear le haghaidh frithghiniúna iad.

(18) **Caitheamh tobac**

Ciallaíonn caitheamh tobac análú isteach agus amach deataigh ó tháirgí tobac amhail toitíní monaraithe, toitíní lámhdhéanta, todóga, píopaí, húcaí.

Ní áirítear le caitheamh tobac:

(a) táirgí tobac téite a úsáid;

(b) toitíní leictreonacha nó gairis leictreonacha chomhchosúla a úsáid;

(c) cannabas measctha le tobac a chaitheamh.

(19) **Táirgí tobac téite**

Táirgí tobac iad táirgí tobac téite a tháirgeann aerasóil ina bhfuil nicitín agus ceimiceáin eile, a ionanálaíonn úsáideoirí tríd an mbéal.

(20) **Deochanna alcólacha**

Tagraíonn deoch alcólach do gach deoch ina bhfuil eatánól, gan beann ar an gcineál dí, amhail beoir láidir nó éadrom, fíon nó biotáille, nó an méid a óltar.

SAINTRÉITHE TEICNIÚLA NA N-ATHRÓG

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Tréimhse thagartha	Cód na módúlachta	Lipéad na módúlachta	Scagaire
Topaic mhionsonraithe: FAISNÉIS MAIDIR LE BAILIÚ SONRAÍ					
PRIMSTRAT	Sraith	tráth an roghnaithe	0 001 – 9 999	Aitheantóir na sraithe	Gach duine
			- 2	Neamhbhainteach	
PSU	An tAonad Samplála Príomhúil (PSU)	tráth an roghnaithe	0 001 – 9 999	Aitheantóir an Aonaid Samplála Príomhúil	Gach duine
			- 2	Neamhbhainteach	
Topaic mhionsonraithe: AITHEANTAS					
HHID	Uimhir aitheantais teaghlaigh	seasmhach	BBBBBBBBBB	Uimhir 10-ndigit	Gach duine
			- 1	Ar iarraidh	
PID	Uimhir aitheantais an fhreagróra	seasmhach	BBBBBBBBBB	Uimhir 10-ndigit	
Topaic mhionsonraithe: UALAÍ					
WGT	Ualach críochnaitheach an duine aonair	atá ann faoi láthair	BBBBB.BBB	Líon (formáid 5.3)	Gach duine
Topaic mhionsonraithe: TRÉITHE AN AGALLAIMH					
FREAGRA Ó IONADAÍ	An cineál rannpháirtíochta sa suirbhé	atá ann faoi láthair	1	Rannpháirtíocht dhíreach	Gach duine
			2	Ball eile den teaghlach	
			3	Duine eile lasmuigh den teaghlach	
			- 1	Ní luaitear	
REFDATE	Dáta tagartha an agallaimh	atá ann faoi láthair	BBBB-MM-LL	Dáta agallaimh	Gach duine

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Tréimhse thagartha	Cód na módúlachta	Lipéad na módúlachta	Scagaire
INTMETHOD	An modh agallaimh a úsáideadh	atá ann faoi láthair	10	Agallamh páipéarchuidithe duine le duine (PAPI)	Gach duine
			20	Agallamh ríomhchuidithe duine le duine (CAPI)	
			30	Agallamh ríomhchuidithe teileafóin (CATI)	
			40	Agallamh ríomhchuidithe gréasáin (CAWI)	
			50	Eile	
INTLANG	Teanga a úsáidtear san agallamh	atá ann faoi láthair	XXX	Liosta Cód Caighdeánach Eurostat (SCL) – Teangacha (cód 3-dhigit)	Gach duine
			- 1	Ar iarraidh	
Topaic mhionsonraithe: LOGÁNÚ					
RÉIGIÚN	Réigiún cónaithe	atá ann faoi láthair	10 – ZZ	Réigiún cónaithe (Cód NUTS ar leibhéal 2-dhigit)	Gach duine
TÍR	Tír chónaithe	atá ann faoi láthair	NN	Tír chónaithe (Cód SCL GEO)	Gach duine
DEG_URB	Leibhéal an uirbithe	atá ann faoi láthair	1	Cathracha	Gach duine
			2	Bailte agus bruachbhailte	
			3	Ceantair thuaithe	
Topaic mhionsonraithe: DÉIMEAGRAFAÍOCHT					
INSCNE	Inscne	atá ann faoi láthair	1	Fireann	Gach duine
			2	Baineann	
AOIS	Aois, i mblianta iomlána	atá ann faoi láthair	Aois	faighte ó REFDATE, YEARBIRTH & PASSBIRTH	Gach duine

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2529/oj

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Tréimhse thagartha	Cód na módúlachta	Lipéad na módúlachta	Scagaire
YEARBIRTH	Bliain bhreithe	seasmhach	BBBB	uimhir 4-dhigit	Gach duine
PASSBIRTH	Breithlá na bliana seo thart	atá ann faoi láthair	1	Tá	Gach duine
			2	Níl	
Topaic mhionsonraithe: SAORÁNACHT AGUS CÚLRA IMIRCE					
BIRTHPLACE	Tír bhreithe	seasmhach	NN	Tír bhreithe (Cód SCL GEO)	Gach duine
			ZZ	Rugadh i dtír iasachta ach ní fios cén tír bhreithe	
			- 1	Ní luaitear	
SAORÁNACH	Tír na príomhshaoránachta	atá ann faoi láthair	NN	Tír na príomhshaoránachta (Cód SCL GEO)	Gach duine
			ZZ	Gan stát	
			XX	Saoránacht eachtrach ach ní fios cén tír	
			- 1	Ní luaitear	
BIRTHPLACEFATH	Tír bhreithe athair an fhreagróra	seasmhach	NN	Tír bhreithe athair an fhreagróra (Cód SCL GEO)	Gach duine
			ZZ	Rugadh an t-athair ar an gcoigríoch ach ní fios an tír bhreithe	
			- 1	Ní luaitear	
BIRTHPLACEMOTH	Tír bhreithe mháthair an fhreagróra	seasmhach	NN	Tír bhreithe mháthair an fhreagróra (Cód SCL GEO)	Gach duine
			ZZ	Rugadh an mháthair ar an gcoigríoch ach ní fios an tír bhreithe	
			- 1	Ní luaitear	

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Tréimhse thagartha	Cód na módúlachta	Lipéad na módúlachta	Scagaire
Topaic mhionsonraithe: COMHDHÉANAMH TEAGHLAIGH					
PÁIRTNÉIRÍ	Páirtnéirí atá ina gcónaí sa teaghlach céanna	atá ann faoi láthair	1	Duine atá ina chónaí le páirtí dlíthiúil nó le páirtí de facto	Gach duine
			2	Duine nach bhfuil ina chónaí le páirtí dlíthiúil nó le páirtí de facto	
			- 1	Ní luaitear	
			- 2	Neamhbhainteach	
HHNBPERS	Méid an teaghlaigh	atá ann faoi láthair	Uimhir	Líon iomlán na mball teaghlaigh	Gach duine
			- 1	Ní luaitear	
HHNBPERS_0_13	Líon na ndaoine 13 bliana d'aois nó níos óige	atá ann faoi láthair	Uimhir	Líon na ndaoine 13 bliana d'aois nó faoina bhun	Gach duine
			- 1	Ní luaitear	
HHTYPE	Cineál teaghlaigh	atá ann faoi láthair	10	Teaghlach duine amháin	Gach duine
			21	Tuismitheoir aonair ag a bhfuil leanbh amháin ar a laghad faoi bhun 25 bliana d'aois	
			22	Tuismitheoir aonair a bhfuil a leanaí uile 25 bliana d'aois nó níos sine	
			31	Lánúin gan pháiste ná páistí	
			32	Lánúin ag a bhfuil leanbh amháin ar a laghad faoi bhun 25 bliana d'aois	
			33	Lánúin a bhfuil a leanaí uile 25 bliana d'aois nó níos sine	
			40	Cineál teaghlaigh eile	
			- 1	Ní luaitear	

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2529/oj

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Tréimhse thagartha	Cód na módúlachta	Lipéad na módúlachta	Scagaire
Topaic mhionsonraithe: STÁDAS PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTA (FÉIN-SAINMHÍNITHE)					
MAINSTAT	Stádas na príomhghníomhaíochta (féin-sainmhínithe)	atá ann faoi láthair	10	Fostaithe	Gach duine
			20	Daoine dífhostaithe	
			30	Ar scor	
			40	Ní féidir a bheith ag obair mar gheall ar fhadhbanna sláinte atá ag an duine le fada	
			50	Mac léinn, dalta	
			60	I mbun cúraimí tí	
			70	Seirbhís mhíleata éigeantach nó seirbhís shibhialta éigeantach	
			80	Eile	
			- 1	Ní luaitear	
Topaic mhionsonraithe: SAINTRÉITHE POIST BUNÚSACHA					
JOBISCO	Gairm sa phríomhphost	atá ann faoi láthair	00, 11 – 96	ISCO-08 ar leibhéal 2 dhigit	MAINSTAT = 10
			- 1	Ní luaitear	
			- 2	Neamhbhainteach	
LOCNACE	Gníomhaíocht eacnamaíoch aonad áitiúil an phríomhphoist	atá ann faoi láthair	A, B, C…	Carachtar amháin a léiríonn an rannóg NACE	MAINSTAT = 10
			- 1	Ní luaitear	
			- 2	Neamhbhainteach	
FT_PT	Príomhphost lánaimseartha nó páirtaimseartha (féin-sainmhínithe)	atá ann faoi láthair	1	Post lánaimseartha	MAINSTAT = 10
			2	Post páirtaimseartha	
			- 1	Ní luaitear	
			- 2	Neamhbhainteach	

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Tréimhse thagartha	Cód na módúlachta	Lipéad na módúlachta	Scagaire
JOBSTAT	Stádas fostaíochta sa phríomhphost	atá ann faoi láthair	11	Duine féinfhostaithe ag a bhfuil fostaithe	MAINSTAT = 10
			12	Duine féinfhostaithe gan fostaithe	
			20	Fostaí	
			30	Oibrí ar ball den teaghlach é (gan íocaíocht)	
			- 1	Ní luaitear	
			- 2	Neamhbhainteach	
Topaic mhionsonraithe: LEIBHÉAL GNÓTHACHTÁLA OIDEACHAIS					
HATLEVEL	Leibhéal gnóthachtála oideachais (leibhéal oideachais is airde a cuireadh i gcrích go rathúil)	atá ann faoi láthair	0	Gan aon oideachas foirmiúil nó faoi bhun ISCED 1	Gach duine
			1	ISCED 1 Oideachas bunscoile	
			2	ISCED 2 Oideachas meánscoile íochtaraí	
			3	ISCED 3 Oideachas meánscoile uachtaraí	
			4	ISCED 4 Oideachas iar-mheánscoile neamhthreasach	
			5	ISCED 5 Oideachas treasach i dtimthriall gearr	
			6	ISCED 6 Baitsiléir nó leibhéal coibhéiseach	
			7	ISCED 7 Máistreacht nó leibhéal coibhéiseach	
			8	ISCED 8 Dochtúireacht nó leibhéal coibhéiseach	
			- 1	Ní luaitear	

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Tréimhse thagartha	Cód na módúlachta	Lipéad na módúlachta	Scagaire
Topaic mhionsonraithe: IONCAM IOMLÁN MÍOSÚIL TEAGHLAIGH					
HHINCOME	Glan-ioncam míosúil teaghlaigh reatha	bliain féilire reatha	1	Grúpa ag a bhfuil glanioncam míosúil reatha cúitithe níos ísle	Gach duine
			2	Grúpa ag a bhfuil glanioncam míosúil reatha cúitithe idir íseal agus meánach	
			3	Grúpa ag a bhfuil glanioncam míosúil reatha cúitithe meánach	
			4	Grúpa ag a bhfuil glanioncam míosúil reatha cúitithe idir meánach agus ard	
			5	Grúpa ag a bhfuil glanioncam míosúil reatha cúitithe níos airde	
			- 1	Ní luaitear	
Topaic mhionsonraithe: Modúl Eorpach Íosta maidir le Sláinte MODÚL EORPACH ÍOSTA MAIDIR LE SLÁINTE					
HS1	Sláinte ghinearálta fhéinbhraite	atá ann faoi láthair	1	An-mhaith	Gach duine
			2	Go maith	
			3	Measartha (gan bheith maith ná dona)	
			4	Dona	
			5	An-dona	
			- 1	Ní luaitear	
			- 3	Freagra ó ionadaí	
HS2	Fadhbanna sláinte seanbhunaithe	atá ann faoi láthair	1	Tá	Gach duine
			2	Níl	
			- 1	Ní luaitear	

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Tréimhse thagartha	Cód na módúlachta	Lipéad na módúlachta	Scagaire
HS3	Srian ar ghníomhaíochtaí de dheasca fadhbanna sláinte	atá ann faoi láthair	1	Thar a bheith teoranta	Gach duine
			2	Teoranta, ach gan a bheith thar a bheith teoranta	
			3	Gan a bheith teoranta ar chor ar bith	
			- 1	Ní luaitear	
Topaic mhionsonraithe: GALAIR AGUS RIOCHTAÍ AINSEALACHA					
CD1A	Bhí plúchadh ag dul dom le 12 mhí anuas (plúchadh ailléirgeach san áireamh)	na 12 mhí dheireanacha	1	Bhí	Gach duine
			2	Ní raibh	
			- 1	Ní luaitear	
CD1B	Broincíteas, galar scamhóige toirmeascach ainsealach nó eimfiséime ag dul dom le 12 mhí anuas	na 12 mhí dheireanacha	1	Bhí	Gach duine
			2	Ní raibh	
			- 1	Ní luaitear	
CD1C	Ionfharchtadh miócairdiach (taom croí) nó iarmhairtí ainsealacha a bhaineann le hionfharchtadh miócairdiach ag dul dom le 12 mhí anuas	na 12 mhí dheireanacha	1	Bhí	Gach duine
			2	Ní raibh	
			- 1	Ní luaitear	
CD1D	Galar corónach croí nó aingíne chléibh ag dul dom le 12 mhí anuas	na 12 mhí dheireanacha	1	Bhí	Gach duine
			2	Ní raibh	
			- 1	Ní luaitear	
CD1E	Ardbhrú fola ag dul dom le 12 mhí anuas	na 12 mhí dheireanacha	1	Bhí	Gach duine
			2	Ní raibh	
			- 1	Ní luaitear	

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Tréimhse thagartha	Cód na módúlachta	Lipéad na módúlachta	Scagaire
CD1F	Stróc (ith fola ceirbreach, trombóis ceirbreach) nó iarmhairtí ainsealacha a bhaineann le stróc ag dul dom le 12 mhí anuas	na 12 mhí dheireanacha	1	Bhí	Gach duine
			2	Ní raibh	
			- 1	Ní luaitear	
CD1G	Artróis (seachas airtríteas) le 12 mhí anuas	na 12 mhí dheireanacha	1	Bhí	Gach duine
			2	Ní raibh	
			- 1	Ní luaitear	
CD1H	Neamhord íochtar droma nó fabht droma ainsealach eile le 12 mhí anuas	na 12 mhí dheireanacha	1	Bhí	Gach duine
			2	Ní raibh	
			- 1	Ní luaitear	
CD1I	Neamhord muiníl nó fabht muiníl ainsealach eile le 12 mhí anuas	na 12 mhí dheireanacha	1	Bhí	Gach duine
			2	Ní raibh	
			- 1	Ní luaitear	
CD1J	Diaibéiteas ag dul dom le 12 mhí anuas	na 12 mhí dheireanacha	1	Bhí	Gach duine
			2	Ní raibh	
			- 1	Ní luaitear	
CD1K	Ailléirge, amhail riníteas, athlasadh súl, deirmitíteas, ailléirge bia nó ailléirge eile (seachas plúchadh ailléirgeach) le 12 mhí anuas	na 12 mhí dheireanacha	1	Bhí	Gach duine
			2	Ní raibh	
			- 1	Ní luaitear	

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Tréimhse thagartha	Cód na módúlachta	Lipéad na módúlachta	Scagaire
CD1M	Neamhchoinneálacht úiríneach, fadhbanna chun an lamhnán a rialú le 12 mhí anuas	na 12 mhí dheireanacha	1	Bhí	Gach duine
			2	Ní raibh	
			- 1	Ní luaitear	
CD1N	Fadhbanna duáin le 12 mhí anuas	na 12 mhí dheireanacha	1	Bhí	Gach duine
			2	Ní raibh	
			- 1	Ní luaitear	
CD1O	Dúlagar le 12 mhí anuas	na 12 mhí dheireanacha	1	Bhí	Gach duine
			2	Ní raibh	
			- 1	Ní luaitear	
CD1P	Lipidí fola arda le 12 mhí anuas	na 12 mhí dheireanacha	1	Bhí	Gach duine
			2	Ní raibh	
			- 1	Ní luaitear	
CD1R	Ailse a bheith ag dul dom (i.e. diagnóis ailse faighte, cóireáil ailse, ag maireachtáil agus ailse orm) le 12 mhí anuas	na 12 mhí dheireanacha	1	Bhí	Gach duine
			2	Ní raibh	
			- 1	Ní luaitear	
CD2	Sláinte béil ghinearálta fhéinbhraite	atá ann faoi láthair	1	An-mhaith	Gach duine
			2	Go maith	
			3	Measartha (gan bheith maith ná dona)	
			4	Dona	
			5	An-dona	
			- 1	Ní luaitear	
			- 3	Freagra ó ionadaí	

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Tréimhse thagartha	Cód na módúlachta	Lipéad na módúlachta	Scagaire
Topaic mhionsonraithe: TIONÓISCÍ AGUS GORTUITHE					
AC1	Tionóisc bhaile nó fóillíochta le 12 mhí anuas	na 12 mhí dheireanacha	1	Tharla	Gach duine
			2	Níor tharla	
			- 1	Ní luaitear	
Topaic mhionsonraithe: PIAN					
PN1	Déine na péine coirp le 4 seachtaine anuas	le 4 seachtaine anuas	1	Dada	Gach duine
			2	An-séimh	
			3	Éadrom	
			4	Measartha	
			5	Tromchúiseach	
			6	An-tromchúiseach	
			- 1	Ní luaitear	
			- 3	Freagra ó ionadaí	
PN2	An méid a chuir an phian isteach ar an ngnáthobair le 4 seachtaine anuas (lena n-áirítear obair lasmuigh den teach agus obair tí araon)	le 4 seachtaine anuas	1	Ar chor ar bith	i gcás PN1 = 2, 3, 4, 5 nó 6
			2	Roinnt bheag	
			3	Measartha	
			4	Cuid mhaith	
			5	Go mór	
			- 1	Ní luaitear	
			- 2	Neamhbhainteach	
			- 3	Freagra ó ionadaí	

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Tréimhse thagartha	Cód na módúlachta	Lipéad na módúlachta	Scagaire
Topaic mhionsonraithe: MEABHAIRSHLÁINTE, LENA N-ÁIRÍTEAR ANDÚILE					
MH1A	A mhéid nach raibh mórán spéise ná pléisiúir ag an duine i rudaí a dhéanamh le 2 sheachtain anuas	le 2 sheachtain anuas	1	Ar chor ar bith	Gach duine
			2	Roinnt laethanta	
			3	Breis agus leath na laethanta	
			4	Beagnach gach lá	
			- 1	Ní luaitear	
			- 3	Freagra ó ionadaí	
MH1B	A mhéid a bhí lagmhisneach, dúlagar nó éadóchas ar an duine le 2 sheachtain anuas	le 2 sheachtain anuas	1	Ar chor ar bith	Gach duine
			2	Roinnt laethanta	
			3	Breis agus leath na laethanta	
			4	Beagnach gach lá	
			- 1	Ní luaitear	
			- 3	Freagra ó ionadaí	
MH1C	A mhéid a bhí fadhb ag an duine maidir le dul a chodladh nó le fanacht ina chodladh, nó a bheith rófhada ina chodladh le 2 sheachtain anuas	le 2 sheachtain anuas	1	Ar chor ar bith	Gach duine
			2	Roinnt laethanta	
			3	Breis agus leath na laethanta	
			4	Beagnach gach lá	
			- 1	Ní luaitear	
			- 3	Freagra ó ionadaí	

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Tréimhse thagartha	Cód na módúlachta	Lipéad na módúlachta	Scagaire
MH1D	A mhéid a bhí tuirse ar an duine nó a bhí sé gan mórán fuinnimh le 2 sheachtain anuas	le 2 sheachtain anuas	1	Ar chor ar bith	Gach duine
			2	Roinnt laethanta	
			3	Breis agus leath na laethanta	
			4	Beagnach gach lá	
			- 1	Ní luaitear	
			- 3	Freagra ó ionadaí	
MH1E	A mhéid nach raibh goile maith ag an duine nó a d'ith an duine an iomarca le 2 sheachtain anuas	le 2 sheachtain anuas	1	Ar chor ar bith	Gach duine
			2	Roinnt laethanta	
			3	Breis agus leath na laethanta	
			4	Beagnach gach lá	
			- 1	Ní luaitear	
			- 3	Freagra ó ionadaí	
MH1F	A mhéid a bhí an freagróir ag mothú go dona maidir leis féin, nó ag mothú gur duine gan rath é nó gur lig an duine é féin nó a theaghlach síos, le 2 sheachtain anuas	le 2 sheachtain anuas	1	Ar chor ar bith	Gach duine
			2	Roinnt laethanta	
			3	Breis agus leath na laethanta	
			4	Beagnach gach lá	
			- 1	Ní luaitear	
			- 3	Freagra ó ionadaí	

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Tréimhse thagartha	Cód na módúlachta	Lipéad na módúlachta	Scagaire
MH1G	A mhéid a bhí fadhbanna ag an duine díriú ar rudaí, amhail an nuachtán a léamh nó breathnú ar an teilifís, le 2 sheachtain anuas	le 2 sheachtain anuas	1	Ar chor ar bith	Gach duine
			2	Roinnt laethanta	
			3	Breis agus leath na laethanta	
			4	Beagnach gach lá	
			- 1	Ní luaitear	
			- 3	Freagra ó ionadaí	
MH1H	A mhéid a thug daoine eile faoi deara go raibh an duine ag bogadh nó ag labhairt go mall; nó an méid a bhí an duine corrach nó míshocair go raibh sé ag bogadh thart i bhfad níos mó ná mar is gnáth, le 2 sheachtain anuas	le 2 sheachtain anuas	1	Ar chor ar bith	Gach duine
			2	Roinnt laethanta	
			3	Breis agus leath na laethanta	
			4	Beagnach gach lá	
			- 1	Ní luaitear	
			- 3	Freagra ó ionadaí	
MH2A	Ardghiúmar ort agus breá sásta le 2 sheachtain anuas	le 2 sheachtain anuas	1	An t-am ar fad	Gach duine
			2	An chuid is mó den am	
			3	Níos mó ná leath den am	
			4	Níos lú ná leath den am	
			5	Cuid den am	
			6	Am ar bith	
			- 1	Ní luaitear	
			- 3	Freagra ó ionadaí	

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2529/oj

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Tréimhse thagartha	Cód na módúlachta	Lipéad na módúlachta	Scagaire
MH2B	Suaimhneach agus ar a shuaimhneas le 2 sheachtain anuas	le 2 sheachtain anuas	1	An t-am ar fad	Gach duine
			2	An chuid is mó den am	
			3	Níos mó ná leath den am	
			4	Níos lú ná leath den am	
			5	Cuid den am	
			6	Am ar bith	
			- 1	Ní luaitear	
			- 3	Freagra ó ionadaí	
MH2C	Gníomhach agus láidir le 2 sheachtain anuas	le 2 sheachtain anuas	1	An t-am ar fad	Gach duine
			2	An chuid is mó den am	
			3	Níos mó ná leath den am	
			4	Níos lú ná leath den am	
			5	Cuid den am	
			6	Am ar bith	
			- 1	Ní luaitear	
			- 3	Freagra ó ionadaí	

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Tréimhse thagartha	Cód na módúlachta	Lipéad na módúlachta	Scagaire
MH2D	Éirí ar maidin agus an duine ag mothú úr agus dea-chodladh faighte aige le 2 sheachtain anuas	le 2 sheachtain anuas	1	An t-am ar fad	Gach duine
			2	An chuid is mó den am	
			3	Níos mó ná leath den am	
			4	Níos lú ná leath den am	
			5	Cuid den am	
			6	Am ar bith	
			- 1	Ní luaitear	
			- 3	Freagra ó ionadaí	
MH2E	Mothaíonn an duine go raibh rudaí spéisiúla ag dul ar aghaidh gach lá le 2 sheachtain anuas	le 2 sheachtain anuas	1	An t-am ar fad	Gach duine
			2	An chuid is mó den am	
			3	Níos mó ná leath den am	
			4	Níos lú ná leath den am	
			5	Cuid den am	
			6	Am ar bith	
			- 1	Ní luaitear	
			- 3	Freagra ó ionadaí	
Topaic mhionsonraithe: SRIANTA FEIDHMIÚLA					
PL1	Spéaclaí nó lionsaí tadhaill á gcaitheamh	atá ann faoi láthair	1	Tá	Gach duine
			2	Níl	
			3	Dall nó níl in ann feiceáil in aon chor	
			- 1	Ní luaitear	

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Tréimhse thagartha	Cód na módúlachta	Lipéad na módúlachta	Scagaire
PL2	Radharc lag, fiú agus spéaclaí nó lionsaí tadhaill á gcaitheamh	atá ann faoi láthair	1	Gan aon deacracht	i gcás PL1 = 1, 2 nó -1
			2	Sách deacair	
			3	An-deacair	
			4	Ní féidir liom sin a dhéanamh in aon chor/Tá sé dodhéanta	
			- 1	Ní luaitear	
			- 2	Neamhbhainteach	
PL3	Áis éisteachta a úsáid	atá ann faoi láthair	1	D'úsáid	Gach duine
			2	Níor úsáid	
			3	Bodhar amach is amach	
			- 1	Ní luaitear	
PL4	Deacracht an méid a dheirtear i gcomhrá le duine amháin eile i seomra ciúin a chloisteáil, fiú le háis éisteachta	atá ann faoi láthair	1	Gan aon deacracht	i gcás PL3 = 1, 2 nó -1
			2	Sách deacair	
			3	An-deacair	
			4	Ní féidir liom sin a dhéanamh in aon chor/Tá sé dodhéanta	
			- 1	Ní luaitear	
			- 2	Neamhbhainteach	
PL5	Deacracht an méid a dheirtear i gcomhrá le duine amháin eile i seomra níos glóraí a chloisteáil, fiú le háis éisteachta	atá ann faoi láthair	1	Gan aon deacracht	i gcás PL3 = 1, 2 nó -1
			2	Sách deacair	
			3	An-deacair	
			4	Ní féidir liom sin a dhéanamh in aon chor/Tá sé dodhéanta	
			- 1	Ní luaitear	
			- 2	Neamhbhainteach	

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Tréimhse thagartha	Cód na módúlachta	Lipéad na módúlachta	Scagaire
PL6	Deacracht leath km a shiúl ar thalamh réidh gan aon áis a úsáid	atá ann faoi láthair	1	Gan aon deacracht	Gach duine
			2	Sách deacair	
			3	An-deacair	
			4	Ní féidir liom sin a dhéanamh in aon chor/Tá sé dodhéanta	
			- 1	Ní luaitear	
PL7	Deacracht ag siúl suas nó anuas 12 chéim	atá ann faoi láthair	1	Gan aon deacracht	Gach duine
			2	Sách deacair	
			3	An-deacair	
			4	Ní féidir liom sin a dhéanamh in aon chor/Tá sé dodhéanta	
			- 1	Ní luaitear	
PL8	Deacrachtaí le rudaí a thabhairt chun cuimhne nó deacrachtaí aird a dhíriú ar rudaí	atá ann faoi láthair	1	Gan aon deacracht	Gach duine
			2	Sách deacair	
			3	An-deacair	
			4	Ní féidir liom sin a dhéanamh in aon chor/Tá sé dodhéanta	
			- 1	Ní luaitear	
PL8A	Deacrachtaí cumarsáide (an ghnáthchaint a úsáid, mar shampla, daoine eile a thuiscint nó a bheith intuigthe ag daoine eile)	atá ann faoi láthair	1	Gan aon deacracht	Gach duine
			2	Sách deacair	
			3	An-deacair	
			4	Ní féidir liom sin a dhéanamh in aon chor/Tá sé dodhéanta	
			- 1	Ní luaitear	

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Tréimhse thagartha	Cód na módúlachta	Lipéad na módúlachta	Scagaire
PL9	Deacracht ag baint plaic as nó ag cogaint bianna crua	atá ann faoi láthair	1	Gan aon deacracht	i gcás AOIS ≥ 55
			2	Sách deacair	
			3	An-deacair	
			4	Ní féidir liom sin a dhéanamh in aon chor/Tá sé dodhéanta	
			- 1	Ní luaitear	
			- 2	Neamhbhainteach	
Topaic mhionsonraithe: DEACRACHTAÍ LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ CÚRAIM PHEARSANTA					
PC1A	Deacracht do do bheathú féin	atá ann faoi láthair	1	Gan aon deacracht	i gcás (AOIS < 55 agus HS3 = 1 nó 2) nó AOIS ≥ 55
			2	Sách deacair	
			3	An-deacair	
			4	Ní féidir liom sin a dhéanamh in aon chor/Tá sé dodhéanta	
			- 1	Ní luaitear	
			- 2	Neamhbhainteach	
PC1B	Deacracht ag dul isteach agus amach as leaba nó cathaoir	atá ann faoi láthair	1	Gan aon deacracht	i gcás (AOIS < 55 agus HS3 = 1 nó 2) nó AOIS ≥ 55
			2	Sách deacair	
			3	An-deacair	
			4	Ní féidir liom sin a dhéanamh in aon chor/Tá sé dodhéanta	
			- 1	Ní luaitear	
			- 2	Neamhbhainteach	

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Tréimhse thagartha	Cód na módúlachta	Lipéad na módúlachta	Scagaire
PC1C	Deacrachtaí ag gléasadh agus ag baint éadaí díot	atá ann faoi láthair	1	Gan aon deacracht	i gcás (AOIS < 55 agus HS 3 = 1 nó 2) nó AOIS ≥ 55
			2	Sách deacair	
			3	An-deacair	
			4	Ní féidir liom sin a dhéanamh in aon chor/Tá sé dodhéanta	
			- 1	Ní luaitear	
			- 2	Neamhbhainteach	
PC1D	Deacracht an leithreas a úsáid	atá ann faoi láthair	1	Gan aon deacracht	i gcás (AOIS < 55 agus HS 3 = 1 nó 2) nó AOIS ≥ 55
			2	Sách deacair	
			3	An-deacair	
			4	Ní féidir liom sin a dhéanamh in aon chor/Tá sé dodhéanta	
			- 1	Ní luaitear	
			- 2	Neamhbhainteach	
PC1E	Deacracht ag tógáil folctha nó ceatha	atá ann faoi láthair	1	Gan aon deacracht	i gcás (AOIS < 55 agus HS 3 = 1 nó 2) nó AOIS ≥ 55
			2	Sách deacair	
			3	An-deacair	
			4	Ní féidir liom sin a dhéanamh in aon chor/Tá sé dodhéanta	
			- 1	Ní luaitear	
			- 2	Neamhbhainteach	

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Tréimhse thagartha	Cód na módúlachta	Lipéad na módúlachta	Scagaire
PC2	Cuidiú á fháil go hiondúil le ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí féinchúraim: tú féin a bheathú, dul isteach agus amach as leaba nó cathaoir, gléasadh nó éadaí a bhaint, an leithreas a úsáid, folcadh nó cith a thógáil	atá ann faoi láthair	1	Bhí, le gníomhaíocht amháin ar a laghad	i gcás [(AOIS < 55 agus HS 3 = 1 nó 2) nó AOIS ≥ 55] agus [(PC1A = 2 nó 3 nó 4) nó (PC1B = 2 nó 3 nó 4) nó (PC1C = 2 nó 3 nó 4) nó (PC1D = 2 nó 3 nó 4) nó (PC1E = 2 nó 3 nó 4)]
			2	Ní raibh	
			- 1	Ní luaitear	
			- 2	Neamhbhainteach	
PC3	Cuidiú ag teastáil nó tuilleadh cuidithe ag teastáil le ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí féinchúraim: tú féin a bheathú, dul isteach agus amach as leaba nó cathaoir, gléasadh nó éadaí a bhaint, leithris a úsáid, folcadh nó cith a thógáil	atá ann faoi láthair	1	Bhí, le gníomhaíocht amháin ar a laghad	i gcás [(AOIS < 55 agus HS 3 = 1 nó 2) nó AOIS ≥ 55] agus [(PC1A = 2 nó 3 nó 4) nó (PC1B = 2 nó 3 nó 4) nó (PC1C = 2 nó 3 nó 4) nó (PC1D = 2 nó 3 nó 4) nó (PC1E = 2 nó 3 nó 4)]
			2	Ní raibh	
			- 1	Ní luaitear	
			- 2	Neamhbhainteach	
Topaic mhionsonraithe: DEACRACHTAÍ LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ TEAGHLAIGH					
HA1A	Deacracht béile a ullmhú	atá ann faoi láthair	1	Gan aon deacracht	i gcás (AOIS < 55 agus HS 3 = 1 nó 2) nó AOIS ≥ 55
			2	Sách deacair	
			3	An-deacair	
			4	Ní féidir liom sin a dhéanamh in aon chor/Tá sé dodhéanta	
			5	Neamhbhainteach (níor bhain mé triail as riamh agus ní gá dom)	
			- 1	Ní luaitear	
			- 2	Neamhbhainteach	

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Tréimhse thagartha	Cód na módúlachta	Lipéad na módúlachta	Scagaire
HA1B	Deacracht an teileafón a úsáid	atá ann faoi láthair	1	Gan aon deacracht	i gcás (AOIS < 55 agus HS 3 = 1 nó 2) nó AOIS ≥ 55
			2	Sách deacair	
			3	An-deacair	
			4	Ní féidir liom sin a dhéanamh in aon chor/Tá sé dodhéanta	
			5	Neamhbhainteach (níor bhain mé triail as riamh agus ní gá dom)	
			- 1	Ní luaitear	
			- 2	Neamhbhainteach	
HA1C	Deacracht siopadóireacht a dhéanamh	atá ann faoi láthair	1	Gan aon deacracht	i gcás (AOIS < 55 agus HS 3 = 1 nó 2) nó AOIS ≥ 55
			2	Sách deacair	
			3	An-deacair	
			4	Ní féidir liom sin a dhéanamh in aon chor/Tá sé dodhéanta	
			5	Neamhbhainteach (níor bhain mé triail as riamh agus ní gá dom)	
			- 1	Ní luaitear	
			- 2	Neamhbhainteach	
HA1D	Deacracht cógas a bhainistiú	atá ann faoi láthair	1	Gan aon deacracht	i gcás (AOIS < 55 agus HS 3 = 1 nó 2) nó AOIS ≥ 55
